Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11739/25**
**ADD 4**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0545 (COD)**

**FIN 892**
**CADREFIN 101**
**CODEC 1042**
**POLGEN 89**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2025) 591 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>a ghabhann leis an doiciméad<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2025) 591 final.

---

Faoi iamh: SWD(2025) 591 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
SWD(2025) 591 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais**

{COM(2025) 545 final} - {SEC(2025) 590 final} - {SWD(2025) 590 final}

## 1. CÉARD LEIS A mBAINEANN AN TIONSCNAMH SEO?

Tá creat feidhmíochta láidir ríthábhachtach chun tosaíochtaí beartais an Aontais a bhaint amach agus chun oiriúnú do dhúshláin atá ag teacht chun cinn, agus trédhearcacht agus cuntasacht á n-áirithiú an tráth céanna. D'fhéadfadh sé cumarsáid níos éifeachtaí a chumasú leis an bParlaimint, leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara, lena léireofaí an chaoi a gcuireann buiséad an Aontais luach le saol na saoránach, agus an chaoi a gcuireann sé feabhas ar shaol na saoránach. D'fhéadfadh sé freisin rannchuidiú le spriocanna an Choimisiúin chun an t-ualach riaracháin a laghdú 25 % ar a laghad le haghaidh gach cuideachta agus 35 % ar a laghad le haghaidh FBManna.

Le creat feidhmíochta bhuiséad an Aontais, tagraítear do na córais agus na huirlisí atá deartha chun a áirithiú go mbainfear amach na torthaí atá beartaithe leis an gcaiteachas, agus chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá buiséad an Aontais maidir lena chuspóirí a bhaint amach.

Le Rialachán Airgeadais 2024, tugtar isteach ceanglais nach mór a chur san áireamh agus an creat feidhmíochta nua á dhearadh. Sainordaítear leis go gcuirfear na cláir agus na gníomhaíochtaí uile chun feidhme (i gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí) gan dochar suntasach a dhéanamh do na cuspóirí comhshaoil, agus prionsabal an chomhionannais inscne á chur san áireamh. Ina theannta sin, ceanglaítear leis go ndearfaí táscairí chun gur féidir sonraí a chomhiomlánú, agus éilítear leis trédhearcacht maidir le foilsiú sonraí faoi thairbhithe a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais.


Le rialacha chreat feidhmíochta 2021-2027 cruthaítear ualaí riaracháin le haghaidh na mBallstát, tíortha comhpháirtíochta agus institiúidí an Aontais, agus fágann siad go bhfuil sé deacair don Choimisiún sonraí feidhmíochta a chomhiomlánú ar leibhéal bhuiséad an Aontais, agus trédhearcacht leormhaith agus rochtain ar fhaisnéis a áirithiú le haghaidh údaráis bhuiséadacha agus thairbhithe CAI. Sainaithnítear trí fhadhb sa dréachtmheasúnú tionchair:

- **Solúbthacht neamhleor agus castacht iomarcach na bhforálacha maidir le clársceidealú agus príomhshruthú tosaíochtaí cothrománacha:** tá struchtúr ilroinnte agus ceanglais phríomhshruthaithe ilchineálacha i mbuiséad 2021-2027 an Aontais ar leibhéal CAI agus ar leibhéal na gclár. Tá an prionsabal 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' á chur i bhfeidhm go neamhréireach faoi láthair ar fud na gclár, agus cruthaítear castacht leis an iliomad treoirlínte teicniúla le haghaidh tairbhithe ar gá dóibh dul i ngleic le ceanglais ilchineálacha. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le comhionannas inscne a chomhtháthú i gcláir áirithe CAI, tá príomhshruthú inscne fós míchothrom ar fud chláir an Aontais, mar gheall ar easpa modheolaíochta coitinne agus cuspóirí freisin.
- **Neamhréireacht agus castacht na gceanglas maidir le faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis feidhmíochta:** níl sé d'acmhainn ag buiséad an Aontais faoi láthair faireachán éifeachtach a dhéanamh, ar leibhéal comhiomlán, ar na gníomhaíochtaí maoinithe, ar mhéid an chaiteachais a rannchuidíonn le tosaíochtaí cothrománacha nua (e.g. iomaíochas) ná ar a dtorthaí ar fud CAI. Is é is cúis leis sin rialacha faireacháin éagsúla ar fud na gclár, rud a fhágann nach féidir feidhmíocht bhuiséad an Aontais a chomhdhlúthú agus a chur in iúl go héifeachtach do na húdaráis bhuiséadacha agus do na saoránaigh, ná

nach féidir bonn eolais éifeachtach a chur faoi chinntí beartais leo. Sa chreat atá ann faoi láthair, tá líon ollmhór táscairí feidhmíochta agus modheolaíochtaí éagsúla chun caiteachas a rianú, rud a chruthaíonn castacht agus ualach riaracháin do thairbhithe, do na Ballstáit, do chomhpháirtithe cur chun feidhme agus d'institiúidí an Aontais.


- **Ilroinnt agus dúbailt maidir le faisnéis feidhmíochta agus deiseanna cistiúcháin a thuairisciú:** tá an iliomad ceanglas dlíthiúil ann maidir le tuairisciú feidhmíochta, lena n-áirítear na ceanglais sin a bhaineann le hurscaoileadh an bhuiséid leis an Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht, an dréachtbhuiséad, agus ceanglais tuairiscithe faoi níos mó ná 30 rialachán maidir leis na cláir. Is é an toradh a bhíonn ar iomadú na dtuarascálacha sin ábhar forluiteach, riosca neamhréireachta agus ualach riaracháin, agus fágann sé go bhfuil sé deacair rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir leis an méid a bhaintear amach le bhuiséad an Aontais agus an fhaisnéis sin a chur i láthair. Ina theannta sin, tá níos mó ná 15 dheais éagsúla ar líne ann ar a gcuirtear faisnéis i láthair maidir le feidhmíocht na gclár, rud a chruthaíonn ualach riaracháin agus mearbhall maidir leis an gcaoi ar féidir leis na húdaráis bhuiséadacha rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais. Taispeántar faisnéis faoi na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil faoi chistí an Aontais ar 10 dtairseach éagsúla (ar a dtugtar ionaid ilfhreastail) ar a laghad, rud a fhágann go bhfuil sé deacair do thairbhithe foinsí oiriúnacha cistiúcháin a shainaithint faoi bhuiséad an Aontais.

Ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó bhuiséad 2021-2027 an Aontais, ba cheart do CAI tar éis 2027 ualaí riaracháin a laghdú agus feabhas a chur ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht faoi **chreat feidhmíochta aonair simplithe.**




*Crann fadhbanna: cúiseanna na bhfadhbanna, fadhbanna agus iarmhairtí*

## 2. CÉARD ATÁ LE BAINT AMACH AGUS CÉ NA ROGHANNA BEARTAIS A nDEARNADH MEASÚNÚ ORTHU?




*Loighic idirghabhála: cúiseanna na bhfadhbanna, cuspóir ginearálta, cuspóirí sonracha agus na torthaí a bhfuiltear coinne leo*

Sainaithnítear sa dréachtmheasúnú tionchair trí rogha beartais a chomhfhreagraíonn do leibhéil chomhchuibhithe fhéideartha na bhforálacha feidhmíochta thar na trí fhadhb a sainaithníodh:

| Roghanna beartais | C. Clársceidealú/príomhshruthú | F. Faireachán | T. Tuairisciú |
|---|---|---|---|
| 1 | C1: Bunlíne - Rialacha clárshonracha maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne | F1: Bunlíne - Rialacha clárshonracha maidir le modheolaíochtaí rianaithe agus táscairí feidhmíochta a shainiú | T1: Bunlíne - Ceanglais tuairiscithe chlárshonracha, deaiseanna agus tairseacha |
| 2 | C2: Rialacha gníomhaíocht-sonracha: forálacha comhchuibhithe ar fud na gclár maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne, agus comhchuibhiú calabraithe agus oibríochtú difreáilte in aghaidh an mhodha bainistíochta | F2: Modheolaíocht aonair chun caiteachas a rianú trí réimsí idirghabhála agus tacar teoranta comhtháscairí feidhmíochta éigeantacha, agus solúbthacht chun táscairí feidhmíochta clárshonracha breise a ghlacadh | T2: Tuarascáil aonair ar fheidhmíocht, tairseach aonair maidir le faisnéis feidhmíochta agus deiseanna cistiúcháin, agus oibríochtú difreáilte na tairsí aonair in aghaidh an mhodha bainistíochta nó na hearnála |
| 3 | C3: Rialacha gníomhaíocht-sonracha: forálacha lán-chomhchuibhithe maidir leis an bprionsabal 'gan dochar | F3: Modheolaíocht aonair le haghaidh bhuiséad an Aontais chun caiteachas a rianú | T3: Tuarascáil aonair ar fheidhmíocht, tairseach aonair maidir le faisnéis |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne | trí réimsí idirghabhála, agus liosta lán-chomhchuibhithe de tháscairí feidhmíochta ar fud na gclár (atá nasctha le réimsí idirghabhála) | feidhmíochta agus deiseanna cistiúcháin, agus oibríochtú lán-chomhchuibhithe ar fud na modhanna bainistíochta |

## 3. Cad í an rogha beartais ab fhearr agus cén fáth?

Déantar achoimre sa tábla thíos ar an gcomparáid idir roghanna beartais agus a gcumas éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas a bhaint amach:

| **Roghanna beartais - Clársceidealú/príomhshruthú** | Rogha beartais C1 | Rogha beartais C2 | Rogha beartais C3 |
|---|---|---|---|
| **Éifeachtacht** | (=) | (+++) | (++) |
| **Éifeachtúlacht** | (=) | (+++) | (+) |
| **Comhleanúnachas** | (=) | (+++) | (+) |
| **Roghanna beartais - Faireachán** | Rogha beartais F1 | Rogha beartais F2 | Rogha beartais F3 |
| **Éifeachtacht** | (=) | (+) | (+++) |
| **Éifeachtúlacht** | (=) | (+) | (+++) |
| **Comhleanúnachas** | (=) | (+) | (+++) |
| **Roghanna beartais - Tuairisciú** | Rogha beartais T1 | Rogha beartais T2 | Rogha beartais T3 |
| **Éifeachtacht** | (=) | (+++) | (++) |
| **Éifeachtúlacht** | (=) | (+++) | (+) |
| **Comhleanúnachas** | (=) | (++) | (+++) |

Is é C2+F3+T2 an meascán roghanna tosaíochta de roghanna beartais. Leis an meascán sin, bheifí in ann cuspóirí agus prionsabail chothrománacha bheartais an Aontais amhail an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus comhionannas inscne a bhaint amach go héifeachtach, ach dhéanfaí foráil maidir le cur chun feidhme calabraithe agus comhréireach an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an ceanglas sa Rialachán Airgeadais a chomhlíonadh, is é sin an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur chun feidhme i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, agus an t-ualach riaracháin agus costais do na Ballstáit, do chomhpháirtithe cur chun feidhme agus do thairbhithe á laghdú an tráth céanna. Leis an meascán sin, is féidir uasghrádú nach beag a dhéanamh freisin ar an bhfaireachán ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais trí chomhiomlánú táscairí ar fud na gclár a chumasú, agus laghdú nach beag ar an ualach riaracháin á bhaint amach an tráth céanna a bhuí le simpliú an tírdhreacha táscairí feidhmíochta atá ann cheana,

rud a laghdaíonn iad ó thart ar 5 000 táscairí go thart ar 900 táscairí. Leis an meascán roghanna sin, is féidir rochtain níos fearr a fháil freisin ar fhaisnéis feidhmíochta agus ar dheiseanna cistiúcháin, agus cuirtear teorainn le costais iontrála an tráth céanna chun tairseach aonair a fhorbairt trí dhíriú ar thairseacha an Choimisiúin amháin a chumasc.

Dealraíonn sé gurb é an bealach is iomchuí chun an meascán roghanna tosaíochta sin a oibríochtú ná creat feidhmíochta aonair a fhorbairt trí ghníomh dlí aonair. Le rialachán feidhmíochta den sórt sin, bheifí in ann formhór na bhforálacha clársceidealaithe, faireacháin agus tuairiscithe a lárú i ngníomh cothrománach neamhspleách le haghaidh CAI tar éis 2027. Cuimseofar sa rialachán forálacha ábhartha maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chur chun feidhme (lena n-áirítear treoir theicniúil lena leagtar síos critéir an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ le haghaidh réimsí idirghabhála ábhartha), maidir le comhionannas inscne a phríomhshruthú ar fud na gclár agus na modhanna bainistíochta, agus maidir le faireachán ar fheidhmíocht, tuairisciú feidhmíochta trí thuarascáil aonair (tuarascáil bhliantúil bhainistíochta agus feidhmíochta) agus an tairseach aonair. Cuimseofar sa rialachán liosta aonair na réimsí idirghabhála agus na dtáscairí gaolmhara, a chuirfear in ionad, mar shampla, na liostaí éagsúla de réimsí idirghabhála agus táscairí feidhmíochta atá i gceangal faoi láthair le nithe amhail Rialachán na bhForálacha Coiteanna, Rialachán STA agus bunúis dlí clár eile. Thiocfadh an rialachán feidhmíochta aonair in ionad na bhforálacha feidhmíochta atá scaipthe ar fud bhunúis dlí níos mó ná 50 clár sa tréimhse 2021-2027. Dá bhrí sin, meastar go ndéanfaidh glacadh an rialacháin aonair sin simpliú suntasach do na Ballstáit, do chomhpháirtithe cur chun feidhme, do thíortha comhpháirtíochta, do thairbhithe agus d’institiúidí an Aontais.

Cé nach bhfreagraíonn an rialachán atá beartaithe d’athbhreithniú ar an reachtaíocht atá ann cheana sa chiall bheacht, tá an rogha beartais ab fhearr ag teacht go hiomlán le cuspóirí an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála maidir leis an rómhaorlathas a shimpliú agus a laghdú. Meastar gurb é a bheidh mar thoradh ar an tionscnamh laghdú nach beag ar an ualach riaracháin agus éifeachtúlacht níos fearr a bhuí leis an meascán roghanna tosaíochta, rud a fhágfaidh gur féidir costais rialála a laghdú go mór. Leis an laghdú suntasach ar líon na dtáscairí feidhmíochta agus le bunú tairsí aonair le haghaidh faisnéis feidhmíochta agus deiseanna cistiúcháin, laghdaítear go mór an t-ualach riaracháin, rud a thugann aghaidh go díreach ar chuspóir an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála an rómhaorlathas a laghdú agus costais a laghdú do pháirtithe leasmhara, rud a spreagann rannpháirtíocht níos leithne. Trí cheanglais chur chun feidhme an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chur in oiriúint le go mbeidh siad éifeachtach agus réasúnta araon, áirithítear leis an meascán roghanna tosaíochta go bhfuil bearta beartais comhréireach leis an tionchar inmhianaithe a bhíonn acu. Tá an cur chuige sin ag teacht leis an mbéim a chuireann an Clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht, agus méadaíonn sé an dóchúlacht go gcomhlíonfaidh tairbhithe go rathúil é.

## 4. CÉARD IAD TIONCHAIR NA ROGHA BEARTAIS AB FHEARR?

| **I. Forléargas ar Thairbhí (iomlán le haghaidh na bhforálacha uile) – Rogha Beartais ab fhearr** | | |
|---|---|---|
| ***Tuairisc*** | ***Méid*** | ***Nótaí*** |
| ***Tairbhí díreacha*** | | |
| C2: Laghdú ar an ualach riaracháin a eascraíonn as ceanglais an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a shimpliú, i gcomparáid le cur chuige clárshonrach lena gceanglaítear roinnt treoraíochta agus córas éagsúil den phrionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a chomhlíonadh, uaireanta le haghaidh an chineáil chéanna tionscadal | EUR 85,5 milliún | Riaracháin na mBallstát ar gach leibhéal (laghdú ar an ualach riaracháin a bhaineann le cúraimí oibríochtúla amhail: rannchuidiú le treoraíocht maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a dhearadh ar leibhéal an Aontais, treoraíocht ar leibhéal an Aontais a thrasuí i gcórais náisiúnta, treoraíocht agus oiliúint a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara agus tairbhithe náisiúnta, |

| | | |
|---|---|---|
| | | seiceálacha ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh', uirlisí measúnaithe náisiúnta a fhorbairt, chomh maith le tuairisciú agus comhordú ar chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais) |
| F3: An t-ualach riaracháin a laghdú mar thoradh ar cheanglais rianaithe caiteachais agus faireacháin ar tháscairí a shimpliú, i gcomparáid leis an gcur chuige clárshonrach atá ann faoi láthair, a bhraitheann ar líon mór táscairí faoi chláir bhuiséid éagsúla an Aontais. | EUR 700,6 milliún | Riaracháin na mBallstát ar gach leibhéal (laghdú ar an ualach riaracháin a bhaineann le cúraimí oibríochtúla amhail: rannchuidiú le dearadh agus bainistiú táscairí ar leibhéal an Aontais, córas táscairí ar leibhéal an Aontais a thrasuí i gcórais náisiúnta, bailiú agus bainistiú sonraí ar an leibhéal náisiúnta, fíorú sonraí, treoraíocht agus oiliúint a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara náisiúnta agus do thairbhithe ar gá dóibh tuairisciú in aghaidh táscairí den sórt sin, uirlisí agus córais náisiúnta a fhorbairt, tuairisciú agus comhordú ar chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais) |
| T2: Laghdú ar chostais a bhaineann le deaiseanna feidhmíochta a fhorbairt agus a bhainistiú | EUR 24,6 milliún | An Coimisiún (laghdú ar chostais mar thoradh ar dheaiseanna a chumasc in aon cheann amháin, i gcomparáid leis an gcóras atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun a bhraitheann ar thart ar 20 deais feidhmíochta) |
| T2: Laghdú ar chostais a bhaineann le tairseacha maidir le deiseanna cistiúcháin a fhorbairt agus a bhainistiú | EUR 32 mhilliún | An Coimisiún (laghdú ar chostais mar thoradh ar thairseacha atá ann faoi láthair a chumasc in aon cheann amháin, i gcomparáid leis an gcóras atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun a bhraitheann ar thart ar 12 thairseach maidir le deiseanna cistiúcháin) |

| **II. Forléargas ar chostais – Rogha beartais ab fhearr** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Saoránaigh/Tomhaltóirí** | | **Gnólachtaí** | | **Riaracháin** | |
| | | **Aonuair** | **Athfhillteach** | **Aonuair** | **Athfhillteach** | **Aonuair** | **Athfhillteach** |
| C2: cur chuige gníomhaíochtbhunaithe maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' | Costais dhíreacha riaracháin | Níorbh fhéidir na costais a ríomh mar gheall go bhfuil easpa sonraí ar fáil | | | | EUR 8,5 milliún | |
| F3: rianú caiteachais aonair agus faireachán ar tháscairí | | Níorbh fhéidir na costais a ríomh mar gheall go bhfuil easpa sonraí ar fáil | | | | EUR 210,2 milliún | |
| T2: Tairseach feidhmíochta aonair | | Níorbh fhéidir na costais a ríomh mar gheall go bhfuil easpa sonraí ar fáil | | | | EUR 1,3 milliún | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| T2: Tairseach aonair maidir le deiseanna cistiúcháin | | Níorbh fhéidir na costais a ríomh mar gheall go bhfuil easpa sonraí ar fáil | EUR 3 mhilliún | |

Meastar go mbainfear amach leis an meascán roghanna C2+F3+T2 thart ar EUR 623 mhilliún de choigilteas ar chostais riaracháin le haghaidh riarachán na mBallstát agus an Choimisiúin i gcomparáid leis an gcás bunlíne. Comhfhreagraíonn sé sin do ghannmheastachán láidir ar an gcoigilteas costais a bhfuiltear ag súil leis, ós rud é – mar a léirítear faoi roinn 7 – nach ndearnadh cainníochtú ar thionchair bhreise san anailís chainníochtúil ar thionchair roghanna beartais mar gheall ar easpa sonraí. Mar sin féin, táthar ag súil freisin le laghduithe suntasacha ar ualaí riaracháin agus tuairiscithe ar leibhéal thairbhithe bhuiséad an Aontais, amhail gnólachtaí, lena gcumasófar tacaíocht d’iomaíochas na n-earnálacha a fhaigheann tacaíocht ó chláir bhuiséadacha an Aontais.

Meastar go mbeidh tionchar dearfach ag an rogha beartais ab fhearr ar iomaíochas costais agus praghsanna, toisc go meastar go mbeidh laghduithe suntasacha ar chostais chomhlíontachta agus riaracháin ar leibhéal thairbhithe bhuiséad an Aontais amhail gnólachtaí mar thoradh uirthi, lena gcumasófar tacaíocht d’iomaíochas na n-earnálacha eacnamaíocha a fhaigheann tacaíocht ó chláir bhuiséadacha an Aontais, i gcomhréir le cuspóir sonrach an tionscnaimh an t-ualach riaracháin sin a laghdú 25 % ar a laghad ([1]). Déantar foráil sa tionscnamh maidir le cur chuige calabraithe agus comhréireach i leith chur chun feidhme an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, rud a éascóidh comhlíontacht gnólachtaí, agus a thacóidh ar deireadh le hiomaíochas costais agus praghsanna cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó chistí an Aontais. Dá ndéanfaí forálacha faireacháin ar fheidhmíocht a shimpliú agus líon na dtáscairí a laghdú, bheadh ualach tuairiscithe níos lú ar eintitis agus bheadh siad in ann na costais a bhaineann le faireachán ar thionscadail a laghdú. Meastar freisin, le tairseach aonair ar líne ina dtaispeántar faisnéis maidir leis na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil, go gcuideofar le gnólachtaí na costais atá leithdháilte faoi láthair chun nascleanúint agus próiseáil a dhéanamh ar thairseacha iolracha a laghdú, rud a éascóidh ar deireadh rochtain ar chistí an Aontais ag tairbhithe i bpríomhearnálacha eacnamaíocha. Ar an gcaoi chéanna, meastar go mbeidh tionchar teoranta ach dearfach ag an tionscnamh ar iomaíochas idirnáisiúnta, rud a chuirfidh feabhas ar staid iomaíoch ghnólachtaí an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó chláir bhuiséid an Aontais i gcomparáid le hiomaitheoirí nach bhfuil san Aontas, ós rud é gur lú an t-ualach riaracháin a bheadh ar chuideachtaí an Aontais a bhaineann le príomhshruthú, faireachán agus tuairisciú, rud a chuirfeadh feabhas ar a seasamh *vis-à-vis* fiontair tríú tíortha.

Beidh tionchar an-dearfach ag an tionscnamh freisin ar FBManna, a oibríonn go minic le foireann theoranta agus acmhainní teoranta agus a bhféadfadh castacht na gceanglas faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana faoi chistí an Aontais difear díréireach a dhéanamh dóibh, agus castacht thairseacha an Aontais ina dtaispeántar faisnéis maidir le deiseanna cistiúcháin, rud a chuirfidh ar chumas FBManna a bheith níos freagrúla do dheiseanna tacaíochta nua faoi chláir bhuiséadacha an Aontais. Meastar go háirithe go rannchuideoidh an tionscnamh le tiomantas an Choimisiúin rialacha a chuíchóiriú agus na hualaí riaracháin a laghdú 35 % le haghaidh FBManna faoi dheireadh an tsainordaithe reatha.

---

([1]) I gcomhréir le sprioc na Teachtaireachta ualaí a bhaineann le ceanglais tuairiscithe a laghdú 25 %

Meastar go rannchuideoidh an rogha beartais ab fhearr leis an gcuid is mó de na Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe ós rud é go meastar go gcuirfidh sí feabhas ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus breisluach AE chláir bhuiséid uile an Aontais agus ar a rannchuidiú le roinnt Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe. Meastar freisin go gcuirfear go sonrach le Cuspóirí Forbartha Inbhuanaithe 5 (Comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus na cailíní uile a chumhachtú), 13 (Gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun an t-athrú aeráide agus a thionchair a chomhrac) agus 15 (Foraoisí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, chun gaineamhlú a chomhrac, chun díghrádú talún a stopadh agus a aisiompú, agus chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh).

## 5. RATH A THOMHAS?

Ba cheart roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchair an tionscnaimh seo:

- Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar leordhóthanacht an liosta réimsí idirghabhála agus táscairí feidhmíochta - atá le glacadh mar chuid den Rialachán Feidhmíochta - chun measúnú a dhéanamh ar aon bhearna nó easnamh a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar bheart maolaithe, ba cheart cumhachtú a áireamh sa rialachán go bhféadfadh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfear ar a chumas dó athscrúdú a dhéanamh ar an liosta, de réir mar is ábhartha, le linn chéim cur chun feidhme an bhuiséid tar éis 2027.
- Ba cheart an staidéar ón gCoimisiún maidir le measúnú a dhéanamh ar na costais riaracháin agus ar an ualach riaracháin i mbainistiú chistí Rialachán na bhForálacha Coiteanna (2018 agus 2025) a thabhairt cothrom le dáta le linn na céime de chur chun feidhme an bhuiséid tar éis 2027, ionas gur féidir na luachanna a sholáthraítear i dtéarmaí costais faireacháin agus tuairiscithe feidhmíochta a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe d'údaráis na mBallstát. Ba cheart torthaí an staidéir sin a úsáid mar ionchur d'aon mheasúnú tionchair amach anseo i bhfianaise an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil ina dhiaidh sin.
- Ba cheart faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionscnamh seo bunaithe ar roinnt príomhtháscairí faireacháin, agus aghaidh á tabhairt ar na gnéithe seo a leanas de chláir bhuiséid uile an Aontais (b'fhéidir trí raon feidhme an staidéir thuas a leathnú):
  - ábharthacht liosta aonair nua de réimsí idirghabhála agus táscairí d'fhonn faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht;
  - costais riaracháin a bhaineann le forálacha feidhmíochta a chur chun feidhme – lena n-áirítear ar leibhéal thairbhithe bhuiséad an Aontais, amhail gnólachtaí – maidir le faireachán agus tuairisciú, chomh maith le cur chun feidhme e.g. an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh', chomh maith le costais a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais agus deiseanna cistiúcháin, lena n-áirítear ag tairbhithe, údaráis bhuiséadacha, comhpháirtithe cur chun feidhme, tíortha comhpháirtíochta agus institiúidí an Aontais.